

Measúnú Malartach chun aghaidh a thabhairt ar chuairt scoile SCG

Tá na socruithe seo a leanas á gcur ar fáil d'iarrthóirí SCG, atá cláraithe faoi láthair (bliain acadúil 2020/21) le hOifig an SCG agus a mbeadh cuairteanna don ghné phraiticiúil scoile acu sa tréimhse 13 Eanáir – 26 Feabhra, 2021.

Tabharfaidh iarrthóirí faoi Mheasúnú Malartach don SCG.

MEASÚNÚ MALARTACH - MÚINEADH NA GAEILGE

Tá Measúnú malartach leagtha amach thíos mar mhalairt ar an ngnáth-chuairt scoile.

- a. **SCG Múineadh na Gaeilge. Measúnú malartach 1.**
- b. **Múinfidh an t-iarrthóir an ceacht ullmhaithe don rang sa seomra ranga.**
- c. Ní mór an ceacht a mhúineadh sa seomra ranga idir na dátaí 13 Eanáir – 26 Feabhra, 2021.
- d. Beidh an ceacht bunaithe ar chomhad Múineadh na Gaeilge a d'ullmhaigh an t-iarrthóir.
- e. Beidh an comhad do Mhúineadh na Gaeilge mar atá leagtha amach sna treoracha sa siollabas *Cóir Ghaoithe* (leathanaigh 91 - 112).
- f. Tasc, 250 focal: Beidh tasc machnamhach breise mar chuid de chomhad Mhúineadh na Gaeilge.
- g. Ní mór don iarrthóir an tasc machnamhach a chur i gcrích tar éis an ceacht a mhúineadh don rang agus beidh sé bunaithe ar a gcuid machnamh ar an gceacht a mhúineadh.

Dá bhrí sin, beidh 5 chuid sa chomhad do Mhúineadh na Gaeilge:

Clúdach
An Scéim Bhliana
Scéim Sheachtaine
Plean Ceachta
Tasc Machnamhach (250 focal)

MEASÚNÚ MALARTACH - TEANGA AGUS CULTÚR

Tá Measúnú malartach leagtha amach thíos mar mhalairt ar an ngnáth-chuairt scoile.

- a. **SCG - TEANGA AGUS CULTÚR. Measúnú malartach 2.**
- b. **Ullmhóidh an t-iarrthóir Comhad Tionscadail - Teanga agus Cultúr.**
- c. Beidh an comhad dírithe ar Rang 4, Rang 5 nó Rang 6.
- d. Beidh an comhad díreach cosúil leis an gcomhad sa treoir in *Cóir Ghaoithe* (leathanaigh 219 - 264).

Dá bhrí sin beidh na codanna seo a leanas sa chomhad Teanga agus Cultúr:

Clúdach
Cuspóirí Brollach (i) Cuspóirí, (ii) Foinsí
Billeoga Eolais an Mhúinteora
Grianghraif de 5 phóstaer
Rianleabhar an Pháiste
Grianghraf de Léarscáil den Riain

Cuirfear nasc ar fáil ar shuíomh gréasáin an SCG (www.ilrweb.ie) chun na comhaid (Comhad 1 - Múineadh na Gaeilge agus Comhad 2 - Teanga agus Cultúr) a uaslódáil.

Beidh an nasc seo ar fáil ón Luan 1 Feabhra agus beidh sé ar fáil go dtí 28 Feabhra. Cuirfidh na hiarrthóirí 2 chomhad isteach. Beidh gach comhad i bhformáid pdf. Tá an dá chomhad le cur isteach ag an am céanna.

Don uaslódáil, ba cheart comhaid a ainmniú mar seo: 'SCG039- Comhad 1' agus 'SCG039-Comhad 2' (cuir isteach **d'uimhir SCG aonair** le do thoil).

Ba cheart d'iarrthóirí an doiciméad 'Measúnú malartach - Ceisteanna Coitianta' a léamh (www.ilrweb.ie).